



2024/314

8.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 192/2021

an 9 Iúil 2021

Iena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fiteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/314]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/329 an 24 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid ion-1,4-béite-xiolanáise agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáise a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe: AVEVE NV), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1091/2009, ⁽¹⁾ tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/330 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid 3-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella phaffii* CECT 13094 mar bhreiseán beathaithe do mhuca le haghaidh ramhrú, mionspeicis mhucúla, turcaithe le haghaidh ramhrú agus tógtha le haghaidh pórúcháin (sealbhóir údaraithe: Fertinagro Biotech S.L.) ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/343 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid *Lactobacillus buchneri* DSM 29026 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe ⁽³⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/344 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le monaláráit soirbhotáin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhí ⁽⁴⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (5) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/346 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le hullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh gach speicis ainmhithe ⁽⁵⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/363 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2021 maidir le hullmhóid fhúmainisíne eistearáise arna táirgeadh le *Komagataella phaffii* DSM 32159 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhí ⁽⁶⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/367 ón gCoimisiún an 01 Márta 2021 maidir le húdarú ullmhóid *Saccharomyces cerevisiae* CNCM I-4407 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh laonna a bhfuiltear lena dtógáil agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 883/2010 (sealbhóir ar údarú S.I. Lesaffre) ⁽⁷⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/329 aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1091/2009 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bharr faoi Chomhaontú LEE.
- (9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/367 aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 883/2010 ón gCoimisiún ⁽⁹⁾, atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm dá bharr faoi Chomhaontú LEE.

⁽¹⁾ IO L 65, 25.2.2021, lch. 38.

⁽²⁾ IO L 65, 25.2.2021, lch. 43.

⁽³⁾ IO L 68, 26.2.2021, lch. 157.

⁽⁴⁾ IO L 68, 26.2.2021, lch. 160.

⁽⁵⁾ IO L 68, 26.2.2021, lch. 167.

⁽⁶⁾ IO L 70, 1.3.2021, lch. 3.

⁽⁷⁾ IO L 71, 2.3.2021, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 299, 14.11.2009, lch. 6.

⁽⁹⁾ IO L 265, 8.10.2010, lch. 1.

- (10) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 391 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2121 ón gCoimisiún):
 - '392. **32021 R 0329:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/329 an 24 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid ion-1,4-béite-xiolanáise agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáise a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaráithe: AVEVE NV), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1091/2009 (IO L 65, 25.2.2021, lch. 38).
 - 393. **32021 R 0330:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/330 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid 3-fiotáis arna táirgeadh ag *Komagataella phaffii* CECT 13094 mar bhreiseán beathaithe do mhuca le haghaidh ramhrú, mionspeicis mhucúla, turcaithe le haghaidh ramhrú agus tógtha le haghaidh pórúcháin (sealbhóir údaráithe: Fertinagro Biotech S.L.) (IO L 65, 25.2.2021, lch. 43).
 - 394. **32021 R 0343:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/343 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le húdarú ullmhóid *Lactobacillus buchneri* DSM 29026 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe (IO L 68, 26.2.2021, lch. 157).
 - 395. **32021 R 0344:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/344 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le monaláráit soirbhotáin a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhí (IO L 68, 26.2.2021, lch. 160).
 - 396. **32021 R 0346:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/346 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le hullmhóid *Lactobacillus parafarraginis* DSM 32962 a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh gach speicis ainmhithe (IO L 68, 26.2.2021, lch. 167).
 - 397. **32021 R 0363:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/363 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2021 maidir le hullmhóid fhúmainisíne eistearáise arna táirgeadh le *Komagataella phaffii* DSM 32159 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhí (IO L 70, 1.3.2021, lch. 3).
 - 398. **32021 R 0367:** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/367 ón gCoimisiún an 1 Márta 2021 maidir le húdarú ullmhóid *Saccharomyces cerevisiae* CNCM I-4407 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh laonna a bhfuiltear lena dtógáil agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 883/2010 (sealbhóir ar údarú S.I. Lesaffre) (IO L 71, 2.3.2021, lch. 1).'
2. Scriostar téacsanna phointí 1zzzzt (Rialachán (CE) Uimh. 1091/2009 ón gCoimisiún) agus 2j (Rialachán (AE) Uimh. 883/2010 ón gCoimisiún).

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/329, (AE) 2021/330, (AE) 2021/343, (AE) 2021/344, (AE) 2021/346, (AE) 2021/363 agus (AE) 2021/367 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Iúil 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.